An Coimisiún Eorpach

**An tSeachtain Eorpach um scileanna gairme**

# BILEOG EOLAIS NA SEACHTAINE

**Is tionscnamh é an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a reáchtáiltear ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Reáchtálfar sraith imeachtaí sa Vín idir an 5-9 Samhain 2018.** Tá go leor bealaí ina féidir páirt a ghlacadh san fheachtas a bhfuil sé mar aidhm leis an tSeachtain a chur chun cinn, trí d'imeacht féin a reáchtáil, nó an scéala maidir leis an tSeachtain a scaipeadh.

## CÉARD ATÁ AG TARLÚ I RITH AN FHEACHTAIS?

**Iúil**
Is féidir clárú don imeacht

**Meán Fómhair**
Seolfar an tSeachtain ag díriú ar lucht freastail an imeachta agus ar an bpobal

**Deireadh Fómhair**
Is féidir vótáil ar líne le haghaidh ghradaim barr feabhais an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna

**Samhain**
Is í an tSeachtain oifigiúil an 5-9 Samhain

**Nollaig**
Reáchtáiltear imeachtaí go dtí deireadh mhí na Nollag

## AIDHMEANNA NA SEACHTAINE

- Na deiseanna iomadúla a d'fhéadfadh an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chur ar fáil do dhaoine óga agus do dhaoine fásta chun "a dtallanna a thabhairt chun solais" tríd an ngairmoideachas agus an ngairmoiliúint a chur i láthair.
- An poitéinseal agus na buntáistí suntasacha a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh in acmhainní daonna trí scileanna tosaigh a sholáthar do dhaoine óga agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a sholáthar do dhaoine fásta a chur ina luí ar chuideachtaí.
- Béim a leagan ar an teachtaireacht gur conair é an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ar féidir le daoine a bheith bródúil aisti, agus a leanúint, agus fios a bheith acu go rachaidh sé chun tairbhe a dtodhchaí.
- Léirigh gur rogha chliste é an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, rogha a mbaineann spraoi léi, agus a mbíonn poist ardchaighdeáin agus infhostaitheacht mhéadaithe mar thoradh uirthi.
- Tarraing aird ar an bpointe go bhfuil deiseanna gairmoiliúna iontacha ann a ullmhaíonn daoine do ghairmeacha suimiúla agus dúshlánacha.
- Leag béim ar an bpointe nach bhfuil sé riamh rómhall, is rogha inmhianaithe do dhaoine de gach aois an gairmoideachas.

Féadfaidh tú d'imeacht nó do ghníomhaíocht féin a eagrú mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme agus féadfaidh tú a bheith páirteach i líonra mór daoine agus eagraíochtaí a bhfuil an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint á gcur chun cinn acu.

Féadfaidh tú d'imeacht a chlárú ar an láithreán gréasáin. Déanfar imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá cláraithe a chomhbhrandáil trí úsáid a bhaint as stíl amhairc na Seachtaine. Beidh rochtain acu ar ábhair fógraíochta agus bainfidh siad tairbhe as próifíl mhéadaithe má áirítear ar an láithreán gréasáin iad.

**Tuilleadh eolais:** **ec.europa.eu/vocational-skills-week**

Is féidir leat páirt a ghlacadh tríd an tSeachtain a chur chun cinn trí do líonraí agus do chainéil. Beidh bailiúchán mór inneachair ann i ndiaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme lena n-áirítear físeáin, físghrafaicí, bileoga agus grianghraif. Tá na hábhair seo oiriúnach lena gcomhroinnt ag imeachtaí agus trí do chainéil ar líne. Is féidir leat d'inneachar féin a chruthú chomh maith, cosúil le físeáin, grianghraif agus athfhriotail ó d'imeachtaí agus ó do ghníomhaíochtaí.

**#DiscoverYourTalent**

*Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú*

**#EUVocationalSkills**